

Treoir maidir le figiúirí a ríomh don Éileamh Cúitimh CBL i gCuntais Surf

Beidh na suimeanna seo a leanas ag teastáil uait agus éileamh á chur isteach agat:

- Ioncam Iomlán
- Ioncam Cáilitheach
- Cáin Cháilitheach
- Suim an éilimh

Ioncam Iomlán


Seo an t-iomlán iarbhir airgid a fuarthas le linn na bliana féilire 2022.

Ní mór na nithe seo a leanas a eisiamh agus ioncam iomlán á ríomh:

- Airgead a bhailítear agus a aistrítear go díreach chuig carthanacht eile (m.sh. Cóid <3852/3853>)
- aon iasachtaí inaisíoctha do charthanas
- suimeanna a fuarthas faoin TWSS/EWSS

Chun ioncam iomlán a ríomh beidh ort na fáлтаis bhainc uilig a chur le chéile don tréimhse, gan na suimeanna atá sonraithe thuas a áireamh. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh ná:

1. Cuir tuairisc i gcruth ar na fáлтаis bhainc uilig don tréimhse 01/01/2022-31/12/2022. Sa réimse 'Type' agus 'Pmt Type' roghnaigh 'all' ag fágáil na réimsí eile uilig bán, mar a thaispeántar sa seat scáileáin thíos.



2. Le mionshocruithe na tuairisce déan cinnte an “Nominal Code” agus an “Nominal Desc” a chur san áireamh. Colúin. Mura bhfuil siad seo faoin liosta ‘include’, is féidir é a dhéanamh trí chliceáil ar an tsaighead ar dheis mar atá aibhsithe sa seat scáileáin thíos, chun iad a thabhairt trasna chuig an liosta ‘cuir san áireamh’.

Advanced Settings

COLUMN ORDER

Exclude	Include
Bank Name	Date
RCT Value	Doc.No.
Department	Code
VAT	Name
Net	Gross
Nominal Code	
Nominal Desc.	

SORTING **FEATURES**

3. Cuir tic sa bhosca 'show splits' agus sórtáil de réir 'code' sna mionshocruithe freisin. Ansin roghnaigh 'update'.


SORTING **FEATURES**

1. Code ☐ Total ☐ Outstanding Only

2. None ☐ Total ☒ Show Splits


☐ Total Only ☐ RCT Only

4. Rith an tuairisc ar na fáiltais bhainc agus cliceáil ar an gcnaipe "Excel" chun é a easpórtáil go excel.
5. Déan formáid de na sonraí excel mar thábla. Chun é seo a dhéanamh:
- Scríos an ró bán idir ceannteidil na gcolún agus an chéad fáiltais bainc.
 - Scríos an figiúr iomlán ag bun an liosta.
 - Má chliceálann tú isteach sa chill cheanntáisc "Date" agus má bhrúnn tú na heochracha "Ctrl"+"A", aibhseofar na sonraí ábhartha ar fad. Ansin cliceáil ar



an táb ionsáite agus cliceáil ar "Tábla".

6. Scríos rónna ar bith nár cheart a chur san áireamh i bhfigiúr an ioncaim iomláin, is é sin; airgead a bhailítear do charthanacht eile, iasachtaí inaisíoctha, suimeanna a fuarthas faoin TWSS/EWSS nó suimeanna dúbláilte m.sh. i gcás ina bhfuil fáltas taifeadta agat sa chuntas imréitigh um réiteach íocaíochta ar líne agus sa chuntas reatha, rinneadh an lóisteáil seo a chomhaireamh faoi dhó. Scríos an lóisteáil sa chuntas reatha mar ní bheidh an anailís ioncaim aige seo.
7. Ba cheart an colún luacha a áireamh ansin chun suim iomlán an ioncaim a léiriú.
 - a. Clíceáil ar an tábla agus sa táb dearaidh cuir tic sa bhosca “Total Row”




- b. Téigh go dtí deireadh an tábla agus beidh ró “Total” ann. Sa cholún a thaispeánann na luachanna fála clíceáil isteach sa chill sa ró “Total” agus roghnaigh suim ó na roghanna anuas. Is é seo do shuim ioncaim iomlán.
 - c. Déan sábháil ar an mbileog seo.

Ioncam Cáilitheach

Tugtar “ioncam cáilitheach” ar an gcion d’ioncam carthanais atá maoinithe go príobháideach. Ba cheart gur síntiúis, ioncam tiomsaithe airgid nó ranníocaíochtaí deonacha amháin a bheadh i gceist leis seo. Ní féidir leat aon airgead a fuarthas ón Stát, táillí riaracháin scoile (3390), aon airgead a fuarthas le haghaidh seirbhísí, ioncam siopa (3430) nó ceaintín (3420) a chur san áireamh.

Chun an t-ioncam cáilitheach a ríomh:

1. Sa cholún “Nominal Desc.” clíceáil ar an táb scagaire agus roghnaigh na cineálacha ioncaim cháilitheacha ábhartha.




Déan nóta sa chás go bhfuil ioncam agat a taifeadadh de réir cód ainmniúil, mura bhfuil sé soiléir cé acu an ioncam cáilitheach é nó nach ea m.sh Áirítear ranníocaíochtaí deonacha ar ioncam scoile a fuarthas roimh ré, athraigh an cód ar na míreanna seo go dtí an cód ioncaim ábhartha do ranníocaíochtaí deonacha. Ar an mbealach seo, cuirfidh an scagaire san áireamh iad.

2. Taispeánfar an tsuim ioncaim cháilithigh anois sa ró iomlán. Sábháil cóip den bhileog seo mar fhianaise tacaíochta don tsuim ioncaim cháilithigh.


Cáin Cháilitheach

Seo an ghné CBL a íoctar ar aon earraí nó seirbhísí chun oideachas a sholáthar. Chun an tsuim chánach cháilitheach a ríomh:


1. Cuir tuairisc i gcruth ar na fáiltais bhainc uilig don tréimhse 01/01/2022-31/12/2022. Sa réimse 'Type' agus 'Pmt Type' roghnaigh 'all' ag fágáil na réimsí eile uilig bán, mar a thaispeántar sa seat scáileáin thíos.



2. Le mionshocruithe na tuairisce déan cinnte an “Nominal Code” agus an “Nominal Desc.” a chur san áireamh




2. Cuir tic sa bhosca 'show splits' agus sórtáil de réir cód sna mionshocruithe freisin. Ansin roghnaigh 'update'.



4. Rith an tuairisc ar na híocaíochtaí bainc agus cliceáil ar an gcnaipe “Excel” chun é a easpórtáil go excel.
5. Déan formáid de na sonraí excel mar thábla. Chun é seo a dhéanamh:
 - a. Scríos an ró bán idir ceanteidil na gcolún agus an chéad fáiltas bainc.
 - b. Scríos an figiúr iomlán ag bun an liosta.
 - c. Má chliceálann tú isteach sa chill cheanntáisc “Date” agus má bhrúnn tú na heochracha “Ctrl”+”A”, aibhseofar

na sonraí ábhartha ar fad. Ansin cliceáil ar an táb ionsáite agus cliceáil ar



"Tábla".

6. I ró an cheanntásc in aice leis an gcolún deiridh cuir isteach "CBL 23%" agus buail an eochair Enter. Leathnóidh sé seo an tábla. Cuir colún eile "CBL 13.5%" leis.
7. Sa cholún "CBL 23%" cuir isteach foirmle chun an ghné CBL d'íocaíocht ar bith a ríomh ag 23%. m.sh., $=G7/123*23$, (i gcás gurb é G colún na suime íocaíochta agus gurb é 7 uimhir an ró). Faoi "CBL 13.5%", cuir isteach foirmle $=G7/113.5*13.5$, (ag glacadh leis gurb é G colún na suime íocaíochta agus gurb é 7 uimhir an ró).

Cuirfidh sé seo figiúr CBL sa cholún iomlán. Beidh ort dul trí gach colún ag scríosadh na suimeanna CBL nach mbaineann. Déan cinnte nach bhfuil tú ag cur CBL san áireamh ar chostais neamhcháilitheacha ar nós costais siopa (6830) nó ceaintín (Cód 4915) nó costais neamh-inchánach ar nós árachas (Cód 5450) nó pá.


Is iad na rátaí ábhartha CBL don bhliain 2022 ná:

Date effective from	Standard rate (%)	Reduced rate (%)	Second reduced rate (%)	Livestock rate (%)	Flat-rate compensation percentage for Farmers (%)
1 January 2022	23	13.5	9	4.8	5.5
1 March 2021	23	13.5	9	4.8	5.6
1 January 2021	21	13.5	9	4.8	5.6
1 September 2020	21	13.5	9	4.8	5.4
1 January 2020	23	13.5	9	4.8	5.4

Published: 21 February 2022

8. Ba cheart ansin na colúin CBL a chur le chéile agus a shuimiú le chéile chun an figiúr cánach cáilitheach a léiriú.

a. Clliceáil ar an tábla agus sa táb dearaidh cuir tic sa bhosca “Total Row”



- b. Téigh go dtí deireadh an tábla agus beidh ró “Total” ann. Sa cholún luacha clliceáil isteach sa chill sa ró “Total” agus roghnaigh suim ó na roghanna anuas. Is iad seo na suimeanna cánach cáilitheacha a bheidh agat.
- c. Déan sábháil ar an mbileog seo.

Suim an éilimh

Chun suim na haisíocaíochta CBL don éileamh a ríomh:

1. Roinn an “loncam Cáilitheach” ar an bhfigiúr “loncam lomlán” chun an % inlamhála a fháil.
2. Méadaigh an tsuim “Cáin Cháilitheach” faoin % inlamhála

M.SH.

Is é €750,000 an tloncam lomlán. Is é €25,000 an tloncam Cáilitheach. Dá bhrí sin tá an % inlamhála
 $(25000/750,000) = 3.33\%$.

Cáin Cháilitheach = €65,000. Is é an cháin cháilitheach méadaithe faoin % inlamhála 3.33
ná €2,165. Is é seo suim an éilimh.